Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2741. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S55/99

Imlitir

D'Údaráis Iarbhunscoileanna

GAEILGE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

LÉITHEOIREACHT: LÉAMH AN PHRÓIS SA BHÉALTRIAIL SA BHLIAIN 2001 AGUS INA DHIAIDH SIN

De réir mar atá leagtha amach sa siollabas, lgh. 4-5, (i.e. go n-athrófar ábhar an chnuasaigh phróis gach trí bliana agus go n-athrófar na dánta gach trí bliana), tá cúrsa próis agus filíochta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal faofa anois don tréimhse 1999-2002. (i.e. 1999-2001, 2000-2002, 2001-2003). (Féach Imlitir M38/98)

Maidir leis an gcúrsa comónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal, is é an t-athrú is mó a moladh ná go mbeadh **rogha iomlán** ag an iarrthóir Gnáthleibhéil agus ag an iarrthóir Ardleibhéil amach anseo idir an cúrsa ainmnithe próis agus filíochta agus an cúrsa roghnach próis agus filíochta.

Beidh tionchar ag an rogha seo ar an modh tástála a chuirfear i bhfeidhm i gcás na léitheoireachta sa bhéaltriail.

Go dtí seo, sa bhéaltriail, bhíodh sliocht gairid próis as liosta sleachta ón gcnuasach próis dualgais le léamh ag an iarrthóir. Toisc nach mbeidh cnuasach dualgais ann a thuilleadh i gcás an chúrsa chomónta, tá cúig shliocht déag próis molta ag Coiste Cúrsa na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar ábhar léitheoireachta don bhéaltriail. Tá glactha ag an Roinn leis na sleachta sin. Tugtar na sleachta sin san aguisín atá ag gabháil leis seo.

Nóta Mínithe

Cloífear leis an gcur chuige seo a leanas maidir leis an léitheoireacht sa bhéaltriail sa bhliain 2001 agus ina dhiaidh:

1. Ní bheidh filíocht le léamh ná le haithris i mbéaltriail na bliana 2001 ná ina dhiaidh sin.

2. Ullmhóidh an t-iarrthóir **cúig shliocht próis ar bith** as an gcúig shliocht déag atá ag gabháil leis seo.

3. Iarrfar ar an iarrthóir **sliocht amháin** as an gcúig shliocht atá ullmhaithe aici/aige a léamh ag tús na béaltrialach. Is é an scrúdaitheoir a ainmneoidh cé acu ceann de na cúig shliocht sin a léifidh an t-iarrthóir.
   Tabharfar nóiméad don iarrthóir chun an sliocht a ullmhú sula n-iarrfar uirthi/air é a léamh.

4. Beidh uasmhéid de 30 marc le gnóthú as an sliocht a léamh.

5. Cé go bhfuil cúig shliocht roghnaithe i gcás gach canúna, ní gá go gcloífeadh an t-iarrthóir le haon chanúint amháin sa rogha agus san ullmhúchán a dhéanfar.

Iarrtar ort, le do thoil, aird na múinteoirí Gaeilge a dhíriú ar an imlitir seo.

M. Smyth,
Árdoifigeach Feidhmiúcháin.

Méan Fómhair, 1999

AGUISÍN

SLIOCHT 1

An dinnéar le hullmhú. Caithfear ithe. Sceallóga inniu. Is breá leo an dinnéar sin, uibheacha, ispíní is sceallóga. Ba chóir go mbeadh lucht na leapa anuas feasta. Ba chóir dúinn uile a bheith cois farraige i mball éigin. Ach ní bheadh sé ann. Ní bheadh sé in aon bhall ina mbeinn. Ní raibh aon tuairisc uaidh, aon fhocal. 'Chuireas am amú leatsa, a Bhreandáin. Aithním anois tú. Bhí lá ann nár aithin. Scaoileas rún leat. D'éistíos leat. Chosnaíos tú dá n-abróinn an fhírinne. Nó dheineas iarracht. Bhíos lán dáiríre agus tusa …'

An bháisteach mall ag titim. An fón balbh. 'Glaoigh, a Bhreandáin!'
'A Lísa. Tá lucht na leapa chugam. Cá bhfuil mo *dhenims* dubha?
Chuireas amach iad breis is dhá lá ó shin. Agus m'*Umbro Top*?
Tá tú imithe sa diabhal, a Lísa, tú féin is do thoitíní. Ní dhéanann tú puinn, an ndéanann?
Is fada liom go dtiocfaidh Mam abhaile!'

As: *Mealladh* le Máire Áine Nic Ghearailt.

SLIOCHT 2

Nuair a fhéachaim siar anois orthu, is é mo thuairim gurbh iad na blianta a thug mé ag dul go scoil Bhaile an Droichid na blianta ab aoibhne de me shaol, cé nár shíl mé sin san am. Thug Dia meabhair cinn mhaith dom, míle buíochas leis, agus níorbh aon trioblóid mhór dom mo cheachtanna a fhoghlaim. Tá sé le rá agam, dá chrostacht a bhí an Paorach, nár leag sé barr slaite riamh orm i dtaobh gan mo cheachtanna a bheith agam. Ní fhágann sin nár thug sé léasadh dom i dtaobh rudaí eile. Bhí sé crosta, cancrach nuair a bhíodh buile air. Ba mhinic a tugadh an chúis dó bheith crosta, ach théadh se rófhada leis an scéal uaireanta. Bhíodh sé an-dian ar fad ar aon duine a bheadh ar seachrán ón scoil.

As: *An Gleann agus a Raibh Ann* le Séamas Ó Maolchathaigh.

SLIOCHT 3

Isteach linn ar an traein agus shuíomar. Bhí a lán daoine eile inár dteannta ann. Is ar éigean a bhí slí ar na suíocháin againn.

Nuair a shroicheamar stáisiún Thrá Lí stad an traein. Tháinig fear chugainn ag lorg ticéadaí agus de réir mar a d'fhaigheadh sé an ticéad, bhaineadh sé manta beag as agus shíneadh chugainn arís é. Bhuaileamar le cois a chéile amach as an traein.

"Sea, a fheara," arsa Seán Eoghain agus é ag glanadh smúit an charráiste dá chuid éadaigh, "cad tá le déanamh?"

"Cad tá le déanamh ach a bheith ag paidhceáil leat, a dhuine,?" arsa Micil. "Ná fuil leithead ár gcos de thalamh na hÉireann againn. Má bhímid ag gabháil siar tamall níl againn ach casadh agus ansin, bealach eile a thabhairt orainn féin. Tá an lá fada agus is linn féin a bheimid á chaitheamh."

As: *Machnamh* le Peig Sayers

SLIOCHT 4

Seachtain ón lá seo bhí an bheirt againn pósta, Tomás Ó Criomhthain agus Máire Ní Chatháin sa tseachtain dheireanach d'Inid, 1878. Níor lá go dtí é ar an mBuailtín. Bhí ceithre phob ann agus bhí tamall i ngach tigh acu nó go raibh an lá maol go maith. Bhí an sráidbhaile lán de dhaoine mar bhí a lán póstaí eile ann. Bhí ceithre veidhleadóir ann, fear i ngach tigh, agus fear eile ná raibh in aon tigh ach i gcorp na sráide; agus níorbh é an fear ba mheasa a bhí díolta é, mar ba lasmuigh a bhí an slua.

B'éigean dúinn scarúint leis an mBuailtín sa deireadh san am ba mhó a raibh greann ann, ó ba rud é go raibh an fharraige mhór romhainne agus cuid mhaith againn le tabhairt isteach.

As: *An tOileánach* le Tomás Ó Criomhthain

SLIOCHT 5

Chreid a lán daoine go bhfuair Bidí Early bua an leighis ó na sióga. Nuair a bhí Bidí óg i gCo. an Chláir, i dtús an 19ú haois déag, chaitheadh sí an-chuid ama i gcúinne páirce in aice le cloch mhór ar a dtugtaí Cloch na Sióg. Uaireanta d'fhiafraíodh a máthair di céard a bhíodh á dhéanamh aici thíos ansin.

"Bím ag caint leis na sióga, "a deireadh Bidí, "agus ag fáil eolais uathu."

Bhí buidéal mór ag Bidí, buidéal draíochta. Deirtear gurbh iad na sióga a thug an buidéal sin di…

Oíche amháin, bhí Bidí ag tabhairt aire do leanbh comharsan. Bhí an leanbh ina luí sa chliabhán. Go tobann labhair sé léi.

"Tabhair dom an fhidil sin atá ar crochadh ar an mballa!", ar seisean.

Shín Bidí an fhidil chuige agus thosaigh an leanbh ag seinm. Ceol aisteach, álainn a bhí á sheinm aige agus thuig Bidí nárbh aon ghnáthleanbh é seo ach síofra.

Tar éis tamaillín stop an ceol agus labhair an síofra arís.

"An bhfeiceann tú an buidéal sin atá thuas os cionn na tine?"

"Feicim!," arsa Bidí.

As: *Mná as an nGnáth* le hÁine Ní Ghlinn

SLIOCHT 6

D'éirigh an ghrian. Scairt solas an lae ar an tír, ar an trá, ar an bhfarraige. Dhúisigh éanacha an aeir agus chuireadar a gceol binn uathu ag rince trí dhoimhneas na spéire. Bhí brat feamainne ag lonradh ar an trá; dearg ar nós fola, ar a scairteann grian, in aghaidh dúghorm na farraige préachta. Bhí carnán mór bailithe ag Pádraig Ó Dioráin- deich mbord capaill. Chuaigh sé abhaile. Lag tar éis tinnis, is ar éigin a bhí sé in ann an bóthar a shiúl agus a ioscaidí losctha leis an sáile. Agus anois ag triall abhaile, meabhraíodh dó arís an dúbhrón a bhí ansiúd ag faire air, éagaoin chráite agus uaigh á hoscailt….

Bhí a theach ar cheann an bhaile, teachín fada, geal, faoi bhrat aoil; an tuí go cúramach ar a cheann, gach uile rud glan piocaithe ar fuaid na sráide; craobhacha beaga, glasa ag fás ag bun an tí. Bean mhaith. Fear maith.

As: *Daoine Bochta* le Liam Ó Flaithearta

SLIOCHT 7

Cé a bhí ann ach Maurice O'Doherty, RTÉ! Bhí mé sa mbaile! Bhí an oiread sin sceitimíní orm gur léim agus gur bhéic mé le háthas. Níor athraigh tada ó d'fhág mé an baile. Bhí siad fós ag robáil agus ag dul ar stailc. Is iomaí oíche ina dhiaidh sin a d'éist mé le popchlár Larry Gogan. Scríobh mé litir chuige uair amháin ach b'fhéidir gur mhaith an rud nár cuireadh i bpost ariamh í. De réir mar a chuaigh an Kilcullen soir tháinig luí na gréine níos luaithe gach oíche agus d'fheabhsaigh an éisteacht a bhí le fáil ar an raidió. Níorbh fhada go raibh mé i ndon na cláir roimh chláir Larry Gogan a chloisteáil freisin.

D'ardaigh an ghaoth aniar aneas go moch an mhaidin dár gcionn. Chuir mé an Kilcullen ar chúrsa soir ó thuaidh i dtreo Chiarraí. Ba é seo an cúrsa ab fheiliúnaí agus an ghaoth díreach i gceart ag cúig mhuirmhíle déag san uair. Bhí mé tar éis fanacht ó dheas in aon turas ag súil leis an ngaoth seo agus bhí an t-ádh liom. Shéid sí go seasta mar seo ar feadh tríocha a sé huaire a chloig agus rinne an Kilcullen céad is daichead míle faoi lán seoil. Dá leanfadh sé seo bheinn sa mbaile faoi cheann seachtaine.

As: *Béal Faoi* le hEnda Ó Coineen

SLIOCHT 8

Bhuail cloigín an bhus. Bhí Áine ag tuirlingt. Chrom Learaí síos agus lig air féin go raibh sé ag cuartú ticéid ar an urlár. Scinn sí thairis amach, síos an staighre. Lean Learaí tar éis ala agus amach leis den bhus. Bhí sí leathbhealach trasna an bhóthair ar bheith amuigh dó. Suas Ascaill Stradbrook a chuaigh sí. Nuair a shroich Learaí cúinne na sráide, ní raibh le feiceáil aige ach a cúl ag dul isteach i gceann de na tithe arda leathbhealach suas an ascaill. Rith Learaí ar a mhíle dícheall nó gur imigh an anáil uaidh ach bhí sí glanta léi suas an lána nuair a shroich sé geata an tí. Ní fhaca sé ach cúl a cinn ag dul isteach an doras di. Fágadh Learaí cosúil le peacach ag geata na bhflaitheas ag breathnú isteach thar an mballa ard a raibh sreangáin dheilgneacha agus buidéil bhriste ar a bharr.

As: *Céard a dhéanfas tú anois?* le Diarmaid Ó Gráinne

SLIOCHT 9

Luigh Fiona siar sa suíochán agus dhún a súile ar feadh soicind. D'oscail sí arís iad. A leithéid! Bhí sí anseo le faire ar uimhir a 6. Sin árasán a 6. Ní fhéadfadh sí a súile a dhúnadh. Thóg sí amach an leabhar crosfhocal a bhí aici ina mála mór. Bhí sí feabhsaithe go mór le dhá bhliain anuas! Bhí an t-am ann nuair nach bhféadfadh sí crosfhocal ar bith a dhéanamh. Anois bhí sí níos fearr ná éinne dá cáirde. Bhí sí i bhfad níos fearr ná Mícheál! Bhíodh sé ar buile nuair a bhí sí in ann "Crosaire" a dhéanamh níos tapúla ná é. Mícheál bocht! Ní fhaca sí anois é le beagnach seachtain! Bhí sí chomh gnóthach sin. Ach bhí an t-airgead uathu. Bhí an cíos an-ard. Ró-ard is dócha.

Chonaic sí an fear as uimhir a 6 ag teacht ina treo. Bhí an bhean in éineacht leis an tráthnóna seo. Bhí a lámh ar a gualainn agus bhí sise ag crochadh as. Bheadh scéal aici don bhean chéile amárach! An bhean bhocht. Ceathrar clainne aici agus an fear céile ina chónaí san árasán seo le cailín óg ocht mbliana déag.

As: *Ar ais arís* le Muireann Ní Bhrolcháin

SLIOCHT 10

Bhí cónaí ormsa le m'athair agus le mo mháthair agus m'aintín i nGleann Chatha. Ní raibh sa gclann ach mé féin. Mar sin, ní mó ná sásta a bhí mo mhuintir nuair a bheartaigh mé dul go Sasana. Bhí cara dhom ag dul anonn ag an am seo. Bhí sí seo sa mbaile as Meiriceá agus bhí cleachtadh aici ar thaisteal. Bheartaigh mé dul léi. Maidin álainn i mí Lúnasa, fuair muid an bus ar an nGort Mór agus *away* linn. Chuaigh muid ar an traein i nGaillimh agus muid ag triall ar Bhaile Átha Cliath. Ansin thóg muid an bád ó Dhún Laoghaire go Hollyhead agus an traein ar ais go Heuston. Ba mhíchompordach an turas é ach nár chuma linn.

As: *Idir Mná Scríbhneoirí Ban Ros Muc* le Máire Seoighe

SLIOCHT 11

Lá dá raibh na Fianna ag seilg fá Loch Léin i gCill Airne, chonaic siad chucu ar mhuin an eich bháin an cailín dóighiúil a raibh folt ar dhath an óir uirthi. Ar theacht i láthair na bhFiann di, bheannaigh sí go múinte d'Fhionn. Chuir seisean faisnéis uirthi cérbh í féin, go bhfuair amach gurbh í Niamh Chinn Óir í, iníon rí Thír na nÓg. Dúirt sí go dtug sí searc agus grá d'Óisín agus go dtáinig sí á bhreith léi go cúirt a hathar. Mhol sí go mór Tír na nÓg gur mheall sí Oisín léi. Trí chéad bliain a bhí Oisín i dTír na nÓg gan buaireamh, gan brón, gan meath ná aois a theacht air, ach é faoi aoibhneas is faoi shonas.

As: *Laochas* le Séamas Ó Searcaigh

SLIOCHT 12

D'imigh muid linn ar an traein ar shiúl na hoíche go dtí gur shroich muid Missoula. Bhí an baile sin tuairim ar chéad go leith nó dhá chéad míle ón áit a d'fhág muid – ar an taobh thiar-thuaidh di. Bhí an lá ansin ann agus cha dtiocfaidh linn dhul ní b'fhaide ar an traein sin. D'fhág muid slán aici, mar sin, duine i ndiaidh an duine eile, agus í ag teacht isteach i stáisiún Missoula. Char chuir aon duine chugainn ná uainn i rith an ama ná char dhúirt duine ar bith nár cheart dúinn a bheith san áit a raibh muid.

Chaith muid an lá sin ag déanamh ár scíste go dtí go dtigeadh traein eile den chineál chéanna chugainn tráthnóna. Tháinig sí in am trátha agus choimhéad muid go maith go bhfuair muid isteach i gceann de na carráistí, an dóigh chéanna a bhfuair muid isteach an lá roimhe sin. Lig muid linn ansin amach fríd na cnoic (Bitter-Root Mountains) agus ar aghaidh fríd thír mhór, fhada, fhairsing nach raibh teach ná cró inti fad amhairc do shúl.

As: *Rotha Móra an tSaoil* le Micí Mac Gabhann

SLIOCHT 13

Ní raibh áit suí ar bith ag Tarlach, agus ní raibh gar dó a bheith ag dúil le cuidiú óna athair. Barraíocht a bhí caite ag an athair leis, ar feadh ar ghnóthaigh sé air. Ní raibh an dara suí sa bhuaile ag Tarlach ach imeacht go Meiriceá agus dornán airgid a shaothrú. Ansin a theacht chun an bhaile agus Síle a phósadh.

An tráthnóna sular imigh sé, chaith sé féin agus Síle tamall mór fada ina suí ar ardán os cionn na farraige. Bhí cineál de chuma ghruama ar an tráthnóna, mar a bheadh báisteach air. Thug Síle iarraidh an gol a choinneáil ar gcúl fad a thiocfadh léi, ach bhris na deora uirthi sa deireadh.

'Seo anois, ná caoin, a chéadshearc,' ar seisean. 'Is gairid uilig a bheas cúig bliana ag gabháil thart'.

'B'fhearr liom a bheith leat fann folamh mar atáimid', ar sise.

As: *Cith is Dealán* le Séamas Mac Grianna

SLIOCHT 14

Bhí pictiúir gan fhuaim ag teacht ón teilifíseán i gcoirnéal an tseomra sa bheár seo i mBéal Feirste, a bhí lán ó chúl go doras. D'amharc Jimmy ar na teidil a bhí ag teacht agus ag imeacht ón scannán roimh nuacht a naoi a chlog. Bhain sé súimín beag as an phionta leann dubh a bhí roimhe agus smaoinigh sé ar an léirscrios a bheadh ina dhiaidh sa bhaile.

Bheadh Sarah, a bhean chéile, ag streachailt go crua ag iarraidh na páistí a chur a luí. Chuirfeadh John, an duine ba shine acu, gasúr crua, cadránta, i gceann a cheithre bliana, chuirfeadh sé ina héadan go deireadh, cé go mbeadh fáinní dearga faoi na súile aige ar mhéad is a chuimil sé leis an tuirse iad. Ach ní raibh amhras ar bith ar Jimmy cé aige a mbeadh bua na bruíne. Dá ndearcadh sé ar an am a chuaigh thart, déarfadh geallghlacadóir ar bith go mbeadh an bua le Sarah arís eile.

As: *An Gnáthrud* le Deirdre Ní Ghrianna

SLIOCHT 15

B'fhearr le Mícheál a bheith ar ais sa chathaoir. Níor bhain na daoine seo lena shaol: bhí sé as áit ar fad. Bhí sé ar a dhícheall go fóill ag iarraidh ciall a bhaint as caint an tseanchaí. Ní raibh brón air faoin tseanbhean. Ba strainséar í siúd fosta, iarsma caite den bhean a thug aíocht dóibh na blianta fada ó shin. Ach nár thuill na mairbh ómós? Cóisir cheart a bhí ar bun anois: buidéil bheorach á n-oscailt, gloiní á scaipeadh, an comhrá ag éirí glórach. Ba bhreá an rud é gur lár Meithimh a bhí ann nó ghealfadh an lá go luath agus dhéanfadh sé a bhealach ar ais nó ar éigean go tír mór a luaithe is a ghealfadh léas.

Nuair a thosaigh fear ag fáisceadh bosca ceoil, sheas Mícheál agus chuaigh sé isteach go seomra an mhairbh, é ar buile faoin easonóir do Chití. Dhruid sé an doras ar an ghleo agus sheas sé ag an fhuinneog ag amharc amach ar an oíche.

As: *Ná Bris Nós* le hIarla Mac Aodha Bhuí